Agus í ag labhairt faoi na luachanna atá ag croílár Shinn Féin sa lá atá inniu ann, dúirt McDonald, “Tá machnamh an-domhain déanta agam ar a bhfuil á thairiscint ag poblachtánachas nua-aimseartha na hÉireann. Cad atá á rá againn? Cad iad na luachanna atá againn?”

Mhínigh McDonald é sin, “Dá mbeinn chun dhá fhocal a roghnú a dhéanann achoimre ar an méid a bhfuil muid ag seasamh ar a shon mar phoblachtánaigh Éireannacha anseo i láthair na huaire. Déarfainn dóchas agus athrú. Is é sin atá á thairiscint againn do dhaoine ar fud an oileáin in 2024.”

Agus í ag caint ansin faoin phleanáil d’Éirinn amach anseo agus í a shamhlú mar thír, dúirt McDonald leis an lucht féachana,

“Caithimid aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna faoin chineál cuma a bheadh ar sheirbhís sláinte uile-Éireann. Cén chuma a bheadh ar ár gcóras oideachais? Cad é mar is féidir linn ár ngeilleagar a fhorbairt ar bhealach cóir agus cothrom? Agus cad é mar is féidir linn poist mhaithe agus fostaíocht fhiúntach a bhaint amach? Cén chuma atá ar shochaí atá cothrom i ndáiríre? Cad é mar a chaifear le gach féiniúlacht – cad é mar a chothófar agus a chosnófar féiniúlacht na Breataine ar an oileán in Éirinn nua. Agus cad é mar is féidir linn saoirsí sibhialta agus reiligiúnacha gach duine, cearta daonlathacha an duine, cearta polaitiúla agus teidlíochtaí a chinntiú.”



Ráitis tosaigh agus réamhrá ón phainéal

Chuir an cathaoirleach neamhspleách, Noelle McAloon, fáilte roimh an lucht féachana agus leag sí béim ar an dóigh a bhfuil an comhrá faoi aontacht na hÉireann ag tarlú cheana féin i dtithe tábhairne agus ag boird chistine ar fud na tíre. Dúirt sí gur comhrá an-ábhartha a bhí ann do dhaoine óga. Tá triúr iníonacha aici, agus tá siad go léir an-dóchasach don saol amach anseo.

Chuir McAloon baill an phainéil in aithne agus ansin chuir sí tús leis an phlé nuair a chuir sí an cheist “Cad mar is féidir le muintir na hÉireann leas a bhaint as aontacht na hÉireann?”

An Dr Niall McVeigh – a thug aghaidh ar an cheist ar dtús ó thaobh an oideachais de. Dúirt sé, “Tá críochdheighilt san oideachas anois agus tá impleachtaí móra aige seo don tsochaí. Cé go bhfuil dhá chóras oideachais mhaithe againn, Thuaidh agus Theas, níl siad ag déanamh soláthair go leor d’achan duine agus tá daoine ar an imeall nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu ag na córais oideachais sin. Agus muid ag iarraidh rud éigin nua a chruthú, caithfidh aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh, córas a bheith againn ina ndéantar soláthair d’achan duine agus nach bhfágann aon duine taobh thiar de.”

Tharraing McVeigh aird chomh maith ar an méid seo a leanas: “chruthaigh mí-úsáid cumhachta rialtais na Breataine agus na hÉireann i ndiaidh a chéile go sóisialta/go heacnamaíoch tríd an chríochdheighilt san oideachas agus sa tsochaí i gcoitinne.” Dúirt sé, “Ní mór dúinn cuimhneamh ar chuspóir an oideachais, ar forbairt phearsanta é agus an caipiteal cultúrtha a chur ar fáil do dhaoine chun dul chun cinn a dhéanamh sa saol.” “Tá fíis nua de dhíth orainn do dhaoine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar,” a dúirt McVeigh.

Dúirt Mairaid Kelly gur “duine í nár chóir do dhaoine eile dul i ngleic léi, duine a bhíonn ag plé le cúrsaí praiticiúla” agus go bhfuil sí “dírithe ar an jab a dhéanamh.”

Maidir le Kelly, “ní bhaineann Éire Aontaithe le duine amháin eile aimsiú chun vóta a bhuachan ach sochaí níos fearr a thógáil.” Is é an dúshlán, dar le Kelly, ná “sochaí níos fearr a thógáil nach bhfágfar aon duine ina dhiaidh inti. Ní féidir le hÉirinn Aontaithe a bheith ag cur beagnach dhá mhilliún duine sa Tuaisceart leis an Deisceart – caithfidh sé a bheith faoi Éire Nua a bheith againn.”

Labhair Kelly faoin bhéim ar imeascadh i scoileanna idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh. Mar sin féin, ar bhealaí áirithe, “tá imeascadh socheacnamaíoch chomh tábhachtach céanna.” Creideann Kelly go bhfuil “deis ann Éire Nua le leathanach bán le tosú arís – b’fhéidir go bhféadfadh mótarbhealach, traenacha, srl a bheith i bhFear Manach.” Chuir sí fáilte roimh fhógra rialtas na hÉireann le déanaí maidir le cúnamh airgeadais do thograí sa Tuaisceart. “Is léiriú é seo,” a dúirt sí, “ar shamplaí beaga den mhéid a thiocthadh linn a dhéanamh.”

Dúirt Mairaid, áfach, “nár comhlíonadh riamh gealltanas rialtas na hÉireann ó 2017 maidir le cearta vótála i dtoghcháin Uachtaránachta na hÉireann a leathnú chuig saoránaigh sa Tuaisceart agus thar lear agus gur céim chun tosaigh a bheadh ann dá dtabharfaí isteach é.”

Creideann Kelly go láidir, “Níor cheart aon duine a fhágáil ar lár in Éirinn Nua. Ba cheart go mbeadh meas ar fhéiniúlacht gach duine agus ba cheart cosaintí a bheith i bhfeidhm chun iad a chosaint. Chaithfí meas a léiriú ar pharáidí Bród agus ar pharáidí den Ord Oráisteach chomh maith le Lá Fhéile Pádraig agus an 12 Iúil.”

Labhair Trevor Birney faoin eispéireas a bhí aige ag fás aníos in eastát protastúnach den aicme oibre in Inis Ceithleann le linn na 70idí agus na 80idí. Tagann sé ó theaghlach aontachtach. Chuimhnigh sé go soiléir, “an lá i 1981 nuair a toghadh Bobby Sands mar fheisire d’Fhear Manach agus do Thír Eoghain Theas.” Dúirt sé, “An mothú i mo phobal ná gur lá an-dorcha a bhí ann mar go raibh Caitlicigh/Náisiúnaithe an bhaile tar éis iad féin a chur amach mar lucht tacaíochta an IRA.”

Labhair Birney faoin dóigh ar bhreathnaigh Aontachtaithe orthu féin i gcónaí mar dhaoine a bhí níos rathúla ó thaobh na heacnamaíochta de agus níos dírithe ar chúrsaí gnó ná Caitlicigh. Dúirt sé, “bhí polaiteoir aontachtach áitiúil darb ainm Cooper, a bhí ina chónaí ag barr Dhoire Chora agus thiomáin sé carr an-mhaisiúil le “1690” ar an uimhirphláta.” D’fhéadfadh Birney a rá ó thús deireadh cé gur aontachtach é an tUasal Cooper, i ndáiríre “ní raibh mórán i gcoiteann aige le Protastúnaigh aicme oibre cosúil leis féin.”

Labhair Trevor faoina chinneadh a bheith ina iriseoir. Bheadh an chuid is mó de na leids thart ar a aois i ndiaidh labhairt faoi ghairmeacha in Arm na Breataine nó san UDR, mar go raibh meas maith orthu agus poist sheasmhacha, ach ní raibh na smaointe sin aige. D’fhág Birney an scoil ag 16 bliana d’aois agus sa deireadh fuair sé post sa pháipéar aontachtach áitiúil, an ‘Impartial Reporter’. Sna laethanta sin, ba le muintir Trimble an ‘Reporter’ agus ní bheadh rudaí tuairiscithe acu riamh faoi Shinn Féin ná faoi Chumann Lúthchleas Gael.


Labhair Birney faoin tionchar a bhí ag Denzil McDaniel air mar, “Protastúnach eile den aicme oibre as Inis Ceithleann ba ea Denzil, a ghlac seilbh ar eagarthóireacht an pháipéir sna 1980idí, agus a d’athraigh an páipéar go bunúsach le bheith níos cuimsithí.” Mheabhraigh sé an dóigh, “go raibh go leor brú ó lucht gnó aontachtach mór le rá mar gheall ar na hathruithe seo.”

“Tá muintir Fhear Manach” a dúirt sé, “amhrasach faoin todhchaí. Tá sé seo i bpáirt mar gheall ar an fhaillí 100 bliain atá déanta ar Fear Manach ón gcríochdheighilt.” Dúirt sé gur ghnách leis “tiomáint go Baile Átha Cliath minic go leor agus go mbeadh drochbhail ar na bóithre nuair a chuaigh sé isteach Deisceart. Sa lá atá inniu ann, áfach, a mhalairt atá fíor.”

Dar le Birney, “beidh Éire Aontaithe ann gan amhras. Tá roinnt rudaí ann a léiríonn seo, go háirithe treochtaí déimeagrafacha.” Creideann Birney, “Chuirfeadh muintir Fhear Manach fáilte roimh athrú, ach amháin má chiallaíonn sé go bhfuil suíochán againn ag an bhord agus nach bhfágfar ar gcúl arís iad. Ní chun ár leasa a bheadh sé riail London a athrú do riail Bhaile Átha Cliath gan aon athrú. Mar sin, is í Éire níos díláraithe an bealach chun cinn.”

Creideann Birney go bhfuil “go leor de na hargóintí Aontachtacha i gcoinne Éire aontaithe bunaithe ar eagla agus paranóia, agus níl siad réalaíoch.” Dúirt sé é sin, “Tá leathanach bán againn anois le tosú agus cibé cineál sochaí a theastaíonn uainn a fheiceáil dár bpáistí agus dár ngarpháistí a thógáil.”

AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA HÉIREANN
TIONÓL AN PHOBAIL I BHFEAR MANACH 22 FEABHRA 2024



Ceisteanna ar an Phainéal

Noelle McAloon – d’fhiafraigh sí den phainéal, “Cén dóigh a rachaimid i mbun idirbheartaíochta?”

Mairaid Ní Cheallaigh

“Is é an pointe tosaigh ná go gcosnófar gach mionlach. Ní mór glacadh le gach féiniúlacht. Ní mór dúinn sochaí a chruthú a d’fhéadfadh bláthú. Ní hann don áit atáimid ag iarraidh a chruthú go fóill.

“Is é an bealach is fearr chun an tsochaí atá uainn a bhaint amach ná trí idirphlé sibhialta, ní hamháin le daoine atá spreagtha ó thaobh na polaitíochta de ach le daoine ó gach cúlra agus ní mór dúinn gluaiseacht na gceardchumann, scoileanna, clubanna spóirt srl a chur san áireamh. Beidh muinín agat as an toradh má tá tú mar chuid den chomhrá.”

An Dr. Niall Mac an Bheatha

D’aontaigh McVeigh le cainteoirí roimhe seo go mbeadh fóram cathartha ann chun aontacht a phlé. Chaithfeadh sé fíis a thabhairt do dhaoine. D’úsáid sé luachan Bobby Sands faoi fhís – “Is é ár díoltas gáire ár bpáistí” agus dúirt sé, “Is fíis iontach é seo don todhchaí.”

Dúirt Niall “go bhfuil an t-oideachas tearcmhaoinithe le beagnach os cionn £143 milliún sa Tuaisceart agus go bhfuil torthaí oideachais go dona sa Tuaisceart i gcomparáid leis an Deisceart.” Thug sé le fios nach bhfuil “5 GCSE ag dhá thrian de dhaonra an phríosúin sa Tuaisceart agus ní haon chomhtharlú é sin”.



Dúirt McVeigh, “Táimid anois sa 5ú réabhlóid thionsclaíoch - thóg an chéad cheann 2-300 bliain agus níor thóg an ceann deireanach ach 20 bliain- is féidir le hathrú tarlú go gasta.”

Dúirt sé, “tá sé ar mire go bhfuil páistí againn inár sochaí in 2024 nach bhfuil dóchas acu don todhchaí. Tá sé ar mire freisin go bhfuil rogha acadúil againn go fóill. De réir na bhfigiúirí is déanaí de pháistí atá i dteideal béilí saorscoile – tá sé 1 as 8 i scoileanna gramadaí agus 1 as 3 i scoileanna nach scoileanna gramadaí iad. Ina dhiaidh sin, teipeann ar níos lú ná 6% de pháistí ina gcuid GCSEanna (níos lú ná 5 ghrád A-C) i scoileanna Gramadaí i gcomparáid le thart ar 40% i neamh-ghramadach. Níl na staitisticí seo maith go leor.”

Creideann McVeigh, “Tá rialtas na Breataine sásta ligint dó seo tarlú agus cultúr a chruthú ina bhfuil easpa dóchais ag an iomarca daoine óga.” Thug sé sampla den áit a bhfuil rialtas na Breataine “ag caitheamh níos mó airgid ar ionaid choinneála ógánaigh ach ghearr sé an clár ‘engage’ a chuidigh le stop a chur le daoine óga ag fágáil na scoile go luath – níl ciall ar bith leis seo.”

Dúirt sé go bhfuil géarghá le dóchas níos fearr a chur ar fáil do dhaoine óga – agus caipiteal cultúrtha a chruthú sa bhunoideachas. Níl an córas oideachais sa Deisceart foirfe ach tá idirghabhálacha spriocdhírthe san oideachas chun dul i ngleic le neamhionannas ar nós scoileanna DEIS. Cruthaíonn an status quo reatha bacainní agus caithfear dúshlán a thabhairt dó sin agus caithfidh sé dóchas a thabhairt don todhchaí.”



Príomhphlé- Tuairimí ón lucht féachana mar fhreagra ar ráitis na bpainéalaithe:

D'fhiafraigh Noelle McAloon den lucht féachana “An ré é seo de dheich mbliana ina mbeidh athrú ann?”

Dúirt Eithne McNulty as Liatroim, “Tá tuairim go fóill sa Deisceart nach bhfuil sé d'acmhainn ag Rialtas na hÉireann íoc as Éirinn Aontaithe. Caithfidh polaiteoirí cás an-láidir a dhéanamh go bhfuil Aontacht inacmhainne.”

Luaigh McNulty gur cheadaigh Comhaontú Aoine an Chéasta fóram cathartha agus d'fhiafraigh sí, “Cén fáth nach bhfuil fóram cathartha ann don díospóireacht ar aontacht”. Dúirt sí freisin gur aontaigh sí le hÉirinn dhílártaite i gcás aontachta.

Bhí Paul Nolan, úinéir gnó as Inis Ceithleann, “buartha go mbeidh Fear Manach fágtha ar lár i gcónaí agus tá go leor samplaí de sin ann, ina measc na pleananna don tseirbhís traenach uile-Éireann nach bhfuil an contae curtha san áireamh inti.”

Ó thaobh an oideachais de, creideann Paul i “gcóras oideachais imeasctha uile-Éireann.” Dúirt sé freisin, “mar fhear gnó, go bhfuil rudaí áirithe beagáinín rómánsaithe” agus luaigh sé caint ar Sheirbhís Sláinte Uile-Éireann. Bhí sé ag súil le plean gnó don tseirbhís seo a chur i láthair ag an ócáid.

Tá imní ar Paul faoi íoc as cúram sláinte, agus d'fhiafraigh sé, “An féidir seirbhís mhaith cúram sláinte a chur ar fáil ar fud na hÉireann”, agus dúirt sé gur seirbhís iontach í an NHS.

D'fhreagair Trevor Birney trácht na ceiste faoin NHS. Dúirt sé, “Caithfidimid a bheith dáiríre faoi mhíotas na dTóraithe den NHS a bheith ina chrann taca ag an tsochaí. Le linn a dtréimhse a bheith i gceannas, lig na Tóraithe don chóras sláinte titim as a chéile.” Dúirt sé go bhfuil “fianaise shoiléir ann go bhfuil an NHS ag titim as a chéile cheana féin. Tá a fhios ag aontachtaithe go maith faoi sin chomh maith.”

Labhair Birney faoi chlár faisnéise a chuidigh sé a dhéanamh – “When Hospitals Kill.” Bhí sé “mar gheall ar mhífheidhmiú an NHS agus an dóigh ar insíodh bréaga le tuismitheoirí trí aturnaetha, srl. faoi dóigh a bhfuair a gcuid leanaí bás.” Dúirt sé, “I gcás roinnt daoine atá i gcoinne Éire Aontaithe, is ábhar sólais é labhairt faoi nach bhfuil aon NHS in Éirinn Aontaithe ach mar mhuintir Fhear Manach tá a fhios againn go maith cheana féin faoi theip an NHS.”

Dúirt Birney gur aontaigh sé le ball an bhanna de Kneecap, Mo Chara, a dúirt gurb é an namhaid fíor na Tóraithe agus dhírigh sé ar an méid atá déanta acu trí dhéine. Chríochnaigh Trevor ag fiafraí, “An bhféadfadh córas cúraim sláinte in Éirinn Aontaithe a bheith níos fearr ná mar atá againn faoi láthair? Níl aon chúis nach bhféadfadh sé a bheith.

Dúirt Caroline as Doire Fhlainn, “Déanfar cinneadh faoina bhfuil i ndán dúinn faoin méid a tharlóidh sna 10 mbliana amach romhainn. Tá géarchéim inár gcóras cúraim sláinte i bhFear Manach, toisc gur cuireadh deireadh le máinliacht ghinearálta éigeandála in Ospidéal Géarmhíochaine an Iardheiscirt (SWAH). Ní mór aird trasteorann a thabhairt ar SWAH chun an EGS a fháil ar ais. Tá oideachas riachtanach fosta.”

Dúirt Darragh McElroy, duine óg as Inis Ceithleann, leis an chruinniú go gcreideann sé go bhfuil sé “den tuairim go leanfaidh rialtas cineachta in Stormont ag feidhmiú nuair a tharlóidh aontacht.”

Bheadh Daragh “níos compordaí le córas feidearálach” mar nach bhfuil sé “ag iarraidh go mbeadh [Fear Manach] taobh le taobh agus neamhaird a dhéanamh de” agus creideann sé go ndéanfadh “córas feidearálach do chúige Uladh agus do chúigí eile taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath freastal níos fearr orainn.”

Dúirt John McCluskey as Ros Liath nach raibh aon seirbhís dochtúra teaghlaigh ina cheantar féin agus go gceapann sé, “Gníomh coiriúil a bhí ann an tseirbhís a dhúnadh agus gan tada a fhágáil ina ndiaidh do na daoine. Tá sé beagnach dodhéanta coinne a fháil san Ionad Sláinte i Lios na Scéithe.” Thug sé cás le gairid ina raibh fear aosta tinn agus rinne sé iarracht freastal ar an Ionad Sláinte agus tugadh an bóthar dó. “An bealach é seo chun cóir leighis a chur ar dhuine breoite sa lá atá inniu ann agus san aois seo?”

Dúirt McCluskey é sin, “Tá an SWAH cosúil le blár catha faoi láthair fosta.” Dúirt sé leis an lucht féachana go raibh sé “thíos ansin le déanaí oíche Dé Domhnaigh agus nach raibh duine ná deoraí ann le freastal ar dhaoine agus go raibh ar ghaolta fanacht le hothar ar feadh na hoíche.” Thug sé cuireadh do CTR áitiúla, “dul isteach sa SWAH go déanach san oíche gan fógra ag an deireadh seachtaine chun a fháil amach cad é mar atá sé.”

Chríochnaigh John ag rá, “Is iontach an rud é slua chomh mór sin a fheiceáil anseo anocht chun é seo a phlé agus is léir go bhfuil athrú ag teastáil uainn” agus “go leanfar leis an troid le grúpa Ros Liath chun seirbhísí dochtúirí teaghlaigh a chur ar ais sa tsráidbhaile.”

Bhí Mairaid Kelly ag iarraidh freagra a thabhairt ar chuid de na tuairimí faoin oideachas imeasctha. Ní chreideann sí gur “réiteach gach faidhbe nó piléar airgid é An tOideachas Imeasctha.”



Maidir le Kelly, “Is é an rud atá in easnamh sa díospóireacht ar an oideachas imeasctha ná imeascadh aicmí.” Creideann sí go láidir nár cheart iallach a chur ar dhuine ar bith, agus go gcaithfear meas a léiriú ar rogha na dtuismitheoirí. Deir Mairaid freisin, “Dá gcuirfeadh an t-oideachas imeasctha torthaí níos fearr ar fáil do pháistí, níl aon amhras uirthi ach go mbeadh tuismitheoirí ní ba bháúla dó.”

D’fhreagair an Dr Niall McVeigh an plé agus dúirt sé, “Caithfear plean a bheith ann maidir leis na chéad chéimeanna eile a leagan amach”, agus gur “tasc suntasach é athaontú na hÉireann.”

Dúirt McVeigh nach dtagann 20% de na daoine a théann ar shiúl chun staidéar a dhéanamh ar ais.” Agus sin, “Tá easnamh 40% i rátaí táirgiúlachta idir an Tuaisceart agus an Deisceart.” Mar fhocal scoir, dhearbhaigh sé, “Tá fianaise eimpíreach againn ar bhacainní socheacnamaíocha.”

Creideann McVeigh, “Ba chóir dúinn a bheith ag féachaint ar na buntáistí a bhaineann le scoileanna comhoideachais/comhroinnte agus ag féachaint ar mhúnlaí a oibríonn i dtíortha eile – ní ar mhúnla na Fraince.” Agus go gcaithfidh sé seo a bheith, “tógtha ar bhonn morálta, ní scothroghnachas “.

Dúirt Seamus Carolan as Ros Liath gur ghnách lena athair “a rá liom beagnach 70 bliain ó shin nuair a bhí siad ag tochailt fá choinne prátaí nár chóir go mbeadh dhá rialtas sa tír seo agus go raibh an ceart aige.” D’aontaigh sé leis an méid a bhí le rá ag John McCluskey níos luaithe faoi Ros Liath. Dar leis, “Bheadh an cinneadh le déanamh acu siúd a bhfuil na leasanna dílsithe is mó acu maidir le comhaontú a dhéanamh faoi Éirinn Aontaithe.” Cheistigh sé cén dóigh a ndéileálfadh Sinn Féin leis seo, mar níl rudaí cothrom ar chor ar bith faoi láthair.

Dúirt Carolan gur thug sé cuairt ar a iníon i Meiriceá le gairid agus go bhfuil deighilt iomlán ansin idir Eaglais agus Stát. Dúirt sé gurb é seo “a mhalairt sa Deisceart i ndiaidh na críochdheighilte inar tugadh oideachas agus cúram sláinte don Eaglais le bainistiú a dhéanamh uirthi.” D’fhiafraigh Séamus, “Cad é mar is féidir leis an tír tosú le leathanach bán mura ndéantar an scaradh seo” agus leag sé béim ar “an dóigh a bhfuil comhlachtaí ilnáisiúnta, cistí dílse agus iad siúd a bhfuil leasanna dílsithe acu go fóill ag iarraidh leas a bhaint as an scéal.”

Dúirt Eileen Drumm go raibh sí “i bhfách go mór leis an athrú, ach caithfidh sé a bheith ina sochaí chuimsitheach do dhaoine faoi mhíchumas.” Maidir le Eileen, ceann de na príomhcheisteanna ná an easpa iompair inrochtana i bhFear Manach agus bhí “díomá” uirthi gur fágadh Fear Manach as an athbhreithniú iarróid uile-oileáin.”

Mar dhuine faoi mhíchumas, bíonn deacrachtaí laethúla ag Eileen rochtain a fháil ar iompar iontaoifa. Dúirt sí, “Tá Fear Manach dorochtana go bunúsach.” Bhain sí leis an dóigh “a dúirt cara léi go raibh sé i gceist aici taisteal ar an traein,” agus d’fhreagair Eileen go magúil, “Cad is traein ann?”

Tá cónaí ar Phauraig Uí Dhubhshlain in Inis Ceithleann agus tógadh é ar Loch Éirne Uachtarach. Dúirt Pauraig leis an chruinniú faoin dóigh, “Thóg a mháthair é ar an traein dheireanach a d’fhág an baile seo i 1957.” Maraíodh cara leis i mbuama Inis Ceithleann i

1987. I ndiaidh na buamála, rinne sé féin agus cara leis póstaer ar pháipéar A4 ag iarraidh ar dhaoine freastal ar airdeall sa Diamant in Inis Ceithleann. D’iompaigh 3,500 duine suas agus is é an “toradh air sin ná go bhfuair muid scoil imeasctha.”

Mar fhocal scoir, dúirt Paurag, “Tá bóthar fada siúlta againn ó shin agus ba chóir dúinn machnamh siar a dhéanamh ar cé chomh fada agus a tháinig muid.”

Dúirt Nathan, atá ina bhall d’eagraíocht Enniskillen Pride, agus atá ina abhcóide ar son cearta míchumais, go bhfuil sé “ina chónaí i bhFear Manach le blianta fada agus gur iardhalta de chuid Choláiste Imeachta na hÉirne é,” rud a bhfuil sé “an-bhródúil as.”

Dúirt Nathan go raibh “beagáinín díomá air nach bhfuil níos mó polaiteoirí anseo anocht” agus go gcreideann sé “go gcaithfear comhrá níos leithne a bheith ann” agus “gur mhaith leis go dtosófaí ag gníomh.”

Chuir Nathan in iúl faoin saol mar dhuine faoi mhíchumas (pairilis cheirbreach) “caithfidh siad bacainní a shárú an t-am ar fad.” Tuigeann Nathan beagnach gach ceann de na ceisteanna a ardaíodh anocht, “Dealraíonn sé go bhfuil bacainní roimh dhaoine ach níl sé dodhéanta athrú a bhaint amach.” Dúirt sé, “Níl mé ag iarraidh an cliché a úsáid a thosaíonn gach turas le céim bheag, ach tá sé fíor.”

Dúirt Nathan go bhfuil sé ar Choiste Bród Fhear Manach chomh maith – eagraíocht a bhfuil sé “an-bhródúil as” agus “beidh an chéad imeacht Bród ag Fear Manach/Inis Ceithleann ag dul ar aghaidh níos déanaí i mbliana - rud a léiríonn go bhfuil dóchas níos leithne sa cheantar.” Mar fhocal scoir, thug Nathan cuireadh do gach duine teacht chuig ócáid Bhróid Fhear Manach/Inis Ceithleann.

Dúirt oibrí cúraim sláinte ó Bealach na Leice go raibh sí “ag amharc ar an díospóireacht ó thaobh na sláinte de,” mar gurb é sin a cúlra. Creideann sí, “gurb í an NHS an cheist is mó in aon reifreann,” agus go bhfuil “tuairim ann go gcaillfí an NHS.” Chuirfeadh sé sin “daoine as vótáil ar son athraithe,” ach creideann sí “nach bhfuil an NHS níos fearr ná an córas atá acu sa Deisceart.”

Dúirt sí fosta ar go leor bealaí, “Tá córas sláinte níos forbartha ag an deisceart mar go n-íocann siad níos mó pá agus go bhfuil áiseanna níos fearr acu” agus, “Ba chóir don NHS iarracht a dhéanamh comhoibriú níos fearr a bheith acu leis an deisceart maidir le cúrsaí sláinte.”

Bhí duine óg den lucht féachana “amhrasach faoin méid a bhainfí amach leis an Aontacht.” Is mac léinn ollscoile é agus níl sé i gceist aige fanacht anseo. “Níl aon rud anseo domsa.” Agus luann sé easpa seirbhísí agus infreastruchtúr ceart. “Cad iad na féidearthachtaí amach anseo a chruthaíonn aontacht domsa?” Feiceann sé féidearthachtaí níos fearr dó féin i Sasana, ach bheadh sé dóchasach go gcruthódh aontacht ionchais níos fearr i bhFear Manach.

Bhí Michael Keown, arb as Garastún ó dhúchas dó agus atá anois ina chónaí in Inis Ceithleann, “sásta a chloisteáil go raibh Michelle Gildernew i nGarastún le déanaí agus tá súil aige gur dhíol duine éigin ticéad raifil bailithe airgid pobail léi.”

Dhírigh Keown ar an “phlé faoi thosú le leathanaigh bhána.” Tá trí leathanach bhána aige sa bhaile – “a thriúr páistí.” Dúirt Keown leis an chruinniú go raibh duine dá pháistí ag dul ar mheánscoil le déanaí agus gurb é Naomh Micheál rogha uimhir a haon agus gurbh é Enniskillen Royal a rogha uimhir a trí agus gur “comhartha é ar na hamanna” agus go mbeadh siad “ag tacú leo dul ar an scoil sin.”

Tá faitíos ar Mhicheál maidir leis an saol amach anseo. Thug sé le fios go raibh leath an tuarastail aige deich mbliana ó shin ná mar atá aige anois ach gur boichte é mar gheall ar an chostas maireachtála. Ní hé an t-aon duine mar seo agus is fadhb mhór í.

Labhair Keown le cainteoir níos luaithe a dúirt nach bhfaca siad aon todhchaí ag fanacht i bhFear Manach agus gur dócha go n-imeodh sé amach anseo. Thug sé le fios gur féidir le níos mó daoine obair ón bhaile agus go raibh sé seo ar cheann de na forbairtí dearfacha a tharla le linn na paindéime Covid.

Dúirt Mairaid Kelly gur roghnaigh sí cur fúithi i bhFear Manach. Tá a cuid oibre lonnaithe i Londain, ach tugann sí deis di cónaí anseo mar gheall ar chianobair. Is féidir leis an chianobair deis a thabhairt do dhaoine a d’imigh chun obair a fháil filleadh ar Fhear Manach lá amháin.

Dúirt Kelly, “Is iad na daoine óga an todhchaí, agus gurb iad féin a dhéanfaidh an cinneadh, agus go gcaithfidh siad an domhan a mhúnlú de réir mar is cuí leo”. Chuir sí in iúl freisin go bhfuil dúshlán mhóra ann ar nós an athraithe aeráide.



D'aontaigh Mairaid leis na pointí a rinneadh maidir le rochtain ar mhíchumas. Tá a fhios aici, "leanaí faoi mhíchumas a gcaithfidh tacsaithe a fháil chuig an scoil agus ar ais ón scoil, toisc nach bhfuil aon iompar ceart ann, agus nach bhfuil go leor áiteanna sna scoileanna riachtanais bhreise chun tacú leis na leanaí sin go léir ar chóir dóibh áiteanna a bheith acu."

Dúirt an Dr Niall McVeigh go bhfuil "go bhfuil lánfhostaíocht sa Deisceart agus go bhfuil oibrithe á lorg go gníomhach chun poist a líonadh". Tá, a dúirt sé, "difreálaigh ollmhóra sna tuarastail Thuaidh agus Theas agus an caighdeán maireachtála i bhfad níos fearr sa Deisceart, rud a chruthaíonn deiseanna maithe in Éirinn athaontaithe."

Mar sin féin, "Tá go leor dúshlán ann don Deisceart fosta agus go leor leochaileachtaí" agus d'athdhearbhaigh sé an pointe níos luaithe, "go gcaithfidh Éire athaontaithe beart a dhéanamh do gach duine."

Bhí Orla Smith as Ros Liath a ag iarraidh a chur in iúl "ceann de na míbhuntáistí a bhaineann le maireachtáil cois teorann." Bhí sí i miontaisime gluasteáin ag teacht ó Mhuineachán le déanaí. Chuir an comhlacht árachais in iúl di, "go raibh Poblacht na hÉireann rangaithe mar thír iasachta agus nach raibh sí faoi árachas." Ní raibh sí clúdaithe don damáiste agus b'éigean di í féin a íoc. Bhí Smith ag iarraidh daoine a chur ar an eolas faoin gceist seo."

Jim Ledwith – Srúth na hÉirne

'An mise Jim Ledwith. Is cathaoirleach mé den ghrúpa Srúth na hÉirne. Grúpa a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa chontae. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Mary-Lou McDonald go Fear Manach anocht agus fáilte a chur roimh gach duine atá anseo anocht'. Theastaigh ó Ledwith aird a tharraingt ar an cheist faoi ghanntanas teagascóirí Gaeilge i bhFear Manach.

Dúirt sé freisin, "Tá Fear Manach cosúil le Dún na nGall sa Tuaisceart - go rómhínic ina athsmaoineamh nó dearmad déanta de cheantair áirithe." Dúirt sé, "Ba shampla é an SWAH. Bhí sé i gceist go mbeadh sé in éineacht le Sligeach go mbeadh othair in ann úsáid a bhaint as díreach cosúil le Alt Uí Dhoibhleacháin i nDoire do mhuintir Dhún na nGall ach níor tharla sé sin riamh."

Maidir le ceist na dteagascóirí Gaeilge, tá Ledwith ag iarraidh ar dhaoine dul i ngleic le hOllscoil Uladh (UU) chun an diplóma Gaeilge a thabhairt go Coláiste an Iardheiscirt (SWC). Ní dóigh leis go bhfuil sé ceart go gcaithfidh muintir Fhear Manach taisteal achar fada chun é seo a dhéanamh.

Dúirt Ledwith, "Is rud dearfach é cultúr agus teanga na hÉireann a chur chun cinn agus caithfidh oibriú níos fearr agus níos mó ar bhonn trasteorann chuige sin freisin." Féachann sé thart ar chontaetha eile ina mbíonn ceiliúradh ar Naomh Bríd agus comóradh náisiúnta ar an Ghorta Mór acu agus ní thuigeann sé an fáth nach féidir le Fear Manach an rud céanna a dhéanamh.

Mairtín Ó Gormlaith - 'Is múinteoir scoile mé. Ó thaobh oideachais de, caithfear an cheist a chur cén bealach a bheas an córas oideachais níos fearr, ag fanacht sa Ríocht Aontaithe nó in Éire Aontaithe? Bhí sé ar lá stailce ar na mallaibh san Ómaigh agus dúirt múinteoir eile leis go bhfuil na Tóraithe ag déanamh ciorruithe sa chóras oideachais ón bhliain 2014. Ní thuigeann an poiblí an tionchar atá ag na ciorruithe seo ar dhaoine óga'.

Focal scoir ón phainéal

D’fhill Trevor Birney chun labhairt faoi, “poitéinseal an gheilleagair in Éirinn aontaithe.” Ag caint faoina thionscal féin, dúirt Birney go raibh tionscal na scannán neamh-chomhtháite, agus an oiread sin comhlachtaí éagsúla ar nós NI Screen agus Screen Ireland, go raibh an iomarca maorlathais ann, rud a chuireann as do léiriúcháin mhóra scannán agus teilifíse. D’fhéadfadh eagraíocht amháin freastal ar an tionscal ar fad ar an oileán.

Labhair Birney faoin easpa cothromaíochta réigiúnaí, agus faoin dóigh “a gcaithfidh aon Éire nua na buntáistí eacnamaíocha a roinnt ar bhealach níos cothroime.” Dúirt sé, “Ní mór dúinn smaoiniamh níos mó inár mianta maidir leis an chuma a d’fhéadfadh a bheith ar Éirinn Nua.” Agus “anois tá Stormont ar ais beidh go leor daoine ag faire féachaint an féidir leis athrú dearfach a dhéanamh.”

Dhún Mairaid Kelly ag rá “go bhfuil níos mó suime ag daoine i gcaighdeán maireachtála níos fearr agus mothú níos fearr as. Tá daoine ag iarraidh a bpobal a fheiceáil faoi bhláth.” Dar léi, “Caithfidh an Tuaisceart agus an Deisceart a bheith ag obair go maith chun go mbeidh muinín ag daoine as seo amach.” Dúirt Kelly, “Caithimid bogadh ar aghaidh ó dhóchas go creideamh.” Agus, “Ní mór dúinn rud éigin sainithe go maith gur féidir le daoine a bhaint amach chun feabhas a chur ar a saol agus a dteaghlach.”

Dúirt Niall McVeigh gur aontaigh sé leis an méid a bhí le rá ag baill an phainéil roimhe seo. Leag sé béim air sin, “Tá sochaí nua de dhíth orainn. Teastaíonn smaointeoireacht radacach uainn chuige sin agus déileáil leis an mhíbhainistiú atá againn faoi láthair. Tá sineirge níos fearr de dhíth orainn i gceantair ar fud an oileáin.” Dúirt McVeigh, “Ó thaobh cúrsaí oideachais de, is lú sineirge idir an Tuaisceart agus an Deisceart i gcomparáid le ceantair eile. Tá socrú ad hoc i gceist le haon sineirge san oideachas idir an Tuaisceart agus an Deisceart.

“Caithimid brú a chur ar rialtas na hÉireann tuilleadh sineirge a bheith ann san oideachas. Ní mór brú a chur chun tionól saoránach a fháil”.

Dúirt McVeigh go bhfuil thart ar £143 milliún de chiorruithe déanta ar an chóras oideachais sa Tuaisceart le seacht mbliana anuas agus go bhfuil ardú 7% tagtha ar dhaonra na scoileanna.” Dar le McVeigh, “Ba cheart moladh a thabhairt do gach duine atá ag obair sa chóras oideachais– múinteoirí, príomhoidí, cúntóirí ranga, Boird Ghobharnóirí.”

Mar fhocal scoir, dúirt McVeigh, “tá dhá chomhairle mhúinteoireachta againn ar an oileán do mhúinteoirí cáilithe chun clárú leo. Níl ciall leis sin.” D’fháiltigh sé roimh an scéal go ndeachaigh Comhairle Mhúinteoireachta an Deiscirt go Scoil Mhuire i mBéal Feirste le déanaí chun a mhíniú do mhúinteoirí faoi oiliúint ansin faoin dóigh le clárú leo agus “tá níos mó sineirge mar seo de dhíth orainn.”

Conclúid

D'éirigh go hiontach le Tionól an Phobail i bhFear Manach in Óstán Westville, Inis Ceithleann ar an 22 Feabhra. Bhí an halla lán go doras agus chuaigh an plé níos faide ná an dá uair an chloig a bhí leagtha amach dó.

I measc na dtuairimí a cuireadh in iúl bhí tionchar díobhálach na críochdheighilte ar Fhear Manach agus ar gheilleagar na teorann; an riachtanas a bhaineann le geilleagar uile-oileáin; na buntáistí a bhaineann le seirbhís sláinte uile-oileáin aonair a thógáil arna maoiniú ag cánachas díreach; tábhacht an oideachais; an damáiste a rinne Breatimeacht; dul i dteagmháil leis an phobal Protastúnach/aontachtach, agus an géarghá atá le hÉirinn nua a chruthú a chuimsíonn gach duine ar bhonn comhionannais agus measa.

Tá an díospóireacht ar Aontacht na hÉireann i lár an aonaigh anois. Is ábhar comhrá laethúil é do go leor daoine agus tá an t-éileamh ar an reifreann aontachta atá mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta ag dul i méid.

Tá rialtas na hÉireann ina chomh-ráthóir ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Tá freagracht air an Comhaontú a chosaint agus a chur chun cinn agus ní mór an phleanáil don todhchaí a bheith mar chuid de sin. Bíonn muid uile ag plleanáil don saol atá amach romhainn. Caithfidh rialtas na hÉireann deireadh a chur lena fhrithbheartaíocht ina leith sin.

Is ríthábhachtach go gcruthóidh na daoine sin againne atá ag iarraidh Éire aontaithe an spás dóibh siúd atá ina choinne nó dóibh siúd nach bhfuil a n-intinn déanta suas acu agus a bhféadfaí iad a mhealladh le bheith mar chuid den chomhrá ar aontacht.

Is léir go bhfuil líon méadaitheach daoine ó chúlra aontachtach ag ceistiú a dtacaíochta don aontas agus i gcásanna áirithe tá tuairim na nÉireannach Aontaithe ag teacht chun cinn anois ina ndearcadh polaitiúil.

Tá Éire nua, aontaithe á lorg ag Sinn Féin. Is mian linn Éire chóir chothrom a thógáil, Éire atá rathúil ó thaobh an gheilleagair de agus atá cuimsitheach ó thaobh na sochaí agus an chultúir de. Is mian linn na daoine is leochailí, daoine scothaosta, leanaí, na mionlaigh bhreithe, eitneacha, iad siúd faoi mhíchumas a chosaint – agus a chinntiú gurb é an comhionannas an bhunchloch ar a gcuirtear na beartais go léir le chéile.

Ar deireadh, impíonn Sinn Féin ar gach saoránach a bhfuil suim acu sa fhéidearthacht agus sna deiseanna a bhaineann le hAontacht na hÉireann a bheith gníomhach ar an cheist seo. Bí páirteach sa chomhrá.

Is am spreagúil é seo dúinn go léir; lán le deiseanna agus dóchas do shaol níos fearr amach anseo

